



Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme



Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



Straiteis Cultuir agus Cruthaitheachta

2023–2027



Maigh Eo

Na Caibidlí

	Réamhrá leis an gCathaoirleach agus leis an bPríomhfheidhmeannach	02
01	Éire Ildánach 2023– 2027	04
02	Cúrsaí Cultúir agus Cruthaitheachta i Maigh Eo	06
03	Aisling Mhaigh Eo maidir le hÉire Ildánach	12
04	Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha	14
05	Na Bearta Tús Áite maidir le Maigh Eo	16
06	An cur i bhfeidhm ag Meitheal Cultúir ag Cruthaitheachta Mhaigh Eo	22
	Léarscáil Mhaigh Eo	23

Réamhrá

Comhaimseartha ach stairiúil freisin, le hoidhreacht dochreidte nádúrtha, seandálaíochta, tógtha, cultúrtha agus muirí - chomh maith le trí cheantar Gaeltachta - tá flúirse inspioráide cultúrtha i Maigh Eo. Tá cultúr agus oidhreacht i gcoilár fhéiniúlacht agus cáilíocht beatha Mhaigh Eo. Tá siad ríthábhachtach chun contae bríomhar a dhéanamh atá ina cheann scríbe tarraingteach do thurasóirí, do chónaitheoirí an chontae agus do na tionscail chruthaitheacha. Ar go leor bealaí tá meascán foirfe de thírdhreach inspioráideach ag Maigh Eo agus bonneagar cultúrtha a bhfuil cáil air, inar féidir le cultúr agus cruthaitheacht fás agus rathú.

Áit a bhfuil na radharcanna cósta, aibhneacha agus locha is iontaí in Éirinn, talamh portaigh uathúil mar aon le hoidhreacht thógtha bhreá, síneann stair an chontae siar na mílte bliain go dtí an córas páirce is sine in Éirinn, Achaidh Ohéide. Is é an saibhreas agus an éagsúlacht oidhreachta, nádúrtha, tógtha agus cultúrtha a thugann a fhéiniúlacht agus a charachtar uathúil don chontae. Tá cultúr agus cruthaitheacht Mhaigh Eo spreagtha ag, agus léirithe in, oidhreacht ábhartha agus tírdhreach cultúrtha an chontae. Os a choinne sin ár n-ábhar Ouidíonn an cultúr saolta leis an sainiú ar fhéiniúlacht, braistint áite agus carachtar ár gcontae.

Ach is iad ár ndaoine an acmhainn is mó atá againn. Tá earnáil chruthaitheach faoi bhláth ag Maigh Eo a chuimsíonn scríbhneoirí, ealaíontóirí, taibheoirí agus daoine atá gníomhach ina bpobal sna healaíona, i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus i gcultúr. Cuireann sé seo le cáilíocht na beatha, folláine agus carachtar na háite. Tá ról tábhachtach na bpobal i mbainistíocht oidhreachta, i gcur chun cinn agus i bhforbairt na hoidhreachta ag leibhéal áitiúil, ríthábhachtach freisin maidir le féiniúlacht Mhaigh Eo. Agus síneann ár bpobal i bhfad thar ár dteorainneacha. Mar chontae a bhíonn ag breathnú amach, a bhí i gcónaí i dteagmháil leis an domhan mór tríd ár stair mhuirí

agus diaspóra, tá áthas orainn fáilte a chur roimh dhaoine a roghnaíonn an contae seo le cónaí ann, le hinfheistíocht a dhéanamh ann, nó le cuairt a thabhairt air agus taitneamh a bhaint as.

Tá an oiread sin samplaí ann de na rudaí a dhéanann Maigh Eo uathúil – ónár stair mhuirí atá faoi ghruaim ag taibhse Ghranuaile, go dtí ár bportaigh agus Achaidh Chéide ársa, go dtí ár dtírdhreach drámatúil a spreag ealaíontóirí agus údair araon. Mheall ár dtraidisiún ceoil lucht féachana domhanda i goruth Riverdance a rugadh mar chuid de cheiliúradh Mhaigh Eo 5000 agus síneann ár n-oidhreacht liteartha ó Raifteiri agus George Moore go dtí ár n-údair óga a bhfuil duaiseanna buaite acu sa lá atá inniu ann - Sally Rooney, Mike McCormack, Elizabeth Reapy, Eimear MacBride agus go leor eile. I réimse eile cruthaitheachta, a rugadh Louis Brennan, a chruthaigh an toirpéad, i gCaisleán an Bharraigh breis is céad bliain ó shin.

Is í ár bpríomhionstraim rannpháirtíochta pobail má trí rialtas áitiúil. Mar údarás áitiúil, a bhfuil infheistíocht mhór déanta aige i mbonneagar agus soláthar cultúir agus oidhreachta, tá an-áthas ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo an dara straitéis cúig bliana Éire Ildánach a chur i láthair a leanfaidh ag cur an chultúir agus na cruthaitheachta i gcoilár ár saoil. Glactar go forleathan anois leis na tairbhí sochaíocha ó chaiteachas ar na healaíona agus ó ról an chultúir maidir le pobail chomhtháite agus inbhuanaithe a thógáil. Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo bródúil as a cuid oibre maidir le hoidhreacht, leabharlanna, ealaíona agus cruthaitheacht a chur chun cinn agus ceadaíonn an tionscnamh seo dúinn leanúint lenár goleachtas a ailíniú le polasaí náisiúnta agus leis na cúig cholún ar thug Éire Ildánach tosaíocht dóibh.

Agus acmhainní inmhaíte leithdháilte ar chultúr agus oidhreacht ar fud an chontae, tá Maigh Eo suite go maith chun leas a bhaint as

na deiseanna iontacha a chuirtear ar fáil trí Éire Ildánach. Tá infheistíocht déanta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo le fada i goaipiteal cultúrtha an cheantair agus le fiche bliain anuas tá coimisiúnú agus tacaíocht tugtha aici do raon leathan d'fhéilte, de thaispeántais, de chónaitheachtaí, de thionscadail scoile agus de chláir ealaíne poiblí chun forbairt ealaíon áitiúil a fhás agus a chothú. Trínár mbonneagar fairsing leabharlainne, músaeim agus ealaíon, déanaimid ár ndícheall teagmháil a dhéanamh leis ba baill uile inár bpobail. Léiríonn tionscnaimh mar Sheachtain na hOidhreachta, Bealtaine, Oíche Chultúir, Lá Mhaigh Eo, Féile Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus Féile Leabhar na bPáistí gach rud atá go maith san earnáil chruthaitheach agus chultúrtha i Maigh Eo i rith na bliana. Léiríonn ár n-áiseanna suaithianta atá faoi úinéireacht phoiblí ar nós Músaem Shaol na Tuaithe, Bailiúchán Jackie Clarke, Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich agus tionscnaimh le déanaí amháil an fhorbairt ar Ionad Mary Robinson agus ceannach Halla an Mhoir stairiúil agus Dún Míleata Chaisleán an Bharraigh ár dtiomantas don infheistíochta i bonneagar cruthaitheach agus cultúrtha an chontae.

Tá go leor seirbhísí agus baill foirne eile inár nÚdarás Áitiúil, a nascann freisin le héiteas Éire Ildánach, ar nós iad siúd a oibríonn i bhforbairt pobail, san Oifig Fiontair Áitiúil, sa turasóireacht, le daoine óga, i Seirbhísí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus san Oifig Cumarsáide. Neartaíodh agus leathnaíodh na naisc seo le linn na chéad straitéise cúig bliana.

Creidimid go gcuirfidh an deis a chruthófar trí Éire Ildánach ar ár gcumas ár dtodhchaí chultúrtha agus chruthaitheach a fhorbairt agus a leathnú tuilleadh. Táimid in ann comhoibriú leanúnach comhordaithe a dhéanamh idir ár seirbhísí ealaíon, oidhreachta agus leabharlainne agus an earnáil chruthaitheach. Fáiltimid roimh na dúshláin atá bunúsach le hÉire Ildánach agus táimid ag tnúth

le leas a bhaint as chun an chuid is fearr dá bhfuil le tairiscint ag ár gcontae a thaispeáint. Creidimid go daingean i bhfoireann Éire Ildánach Mhaigh Eo atá tar éis saineolas sna healaíona, san oidhreacht, i leabharlanna agus sa litríocht, sa turasóireacht agus san fhiontraíocht a thabhairt le chéile. I Maigh Eo tá gach pingin de mhaoiniú Éire Ildánach caite ar ealaíontóirí agus ar an lucht cruthaitheach – níor caitheadh pingin ar riarachán nó ar chomhairleoirí. Trínár bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta Éire Ildánach (agus go deimhin ár bhfoireann ar fad) táimid réidh leis an dúshlán seo a ghlacadh thar na cúig bliana amach romhainn mar creidimid go láidir go dtiocfaidh Maigh Eo níos fearr as cur i bhfeidhm ár straitéise Éire Ildánach. Trí chomhoibriú leis na geallsealbhóirí go léir, tá sé mar aidhm againn cultúr agus cruthaitheacht a shuíomh i gceartlár an tsaoil phoiblí i Maigh Eo faoi 2027. Iarraimid ar gach saoránach agus cuairteoir a bheith rannpháirteach san aistear seo agus taitneamh a bhaint as cultúr agus oidhreacht, samhlaíocht agus cruthaitheacht Mhaigh Eo agus sult a bhaint astu.

Kevin Kelly

Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Contae Mhaigh Eo

An Comhairleoir Seamus Weir

Comhairle Contae Mhaigh Eo

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fíis Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fire agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn—cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:

1. Óige Ildánach
2. Pobail Ildánacha
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn Pobail Ildánacha leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus údarais áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a goruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an goruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eaconamaíoch.

Tá Pobail Ildánacha nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírthe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an goruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Maigh Eo agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



Mainistreacha na Muaidhe
- Rannóg Turasóireachta
Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Baile Uí Fhiacháin, Co. Mhaigh
Eo. Rannóg Turasóireachta
Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

2 Cúrsaí Cultúir agus Cruthaitheachta i Maigh Eo

Tá suíomh uathúil ag Maigh Eo ó thaobh cultúir agus oidhreacht de. Is é an tríú contae is mó sa tír, leis an gcósta is faide agus le daonra de bhreis agus 130,000 agus an diaspora is láidre. I gcroílár na féiniúlachta seo tá neart a chultúir, a shíneann trí theanga, áit, oidhreacht (nádúrtha agus tógtha), creidimh, ealaín, spórt, pobal, tíreolaíocht, nósanna sóisialta, dearadh, stair, scileanna traidisiúnta, tírdhreach, bithéagsúlacht, scannánaíocht, grianghrafadóireacht, ceol, litríocht, damhsa, scéalaíocht, tionscail chruthaitheacha agus éagsúlacht chultúrtha. Ach níl an cultúr seasta – bíonn sé ag athrú de shíor. Tá deimhin déanta de ag Maigh Eo go bhfuil an chruthaitheacht rithábhachtach san am i láthair agus sa todhchaí agus ag an am céanna go gcaomhnaítear saibhreas an ama atá thart.

Tírdhreach

Ar imeall thiar na hÉireann agus na hEorpa, scartha ó Mheiriceá ag an Aigéan Atlantach, tá Maigh Eo lonnaithe i spás fisiciúil uathúil: tírdhreach iontach álainn (farragí, sléibhte, lochanna, portaigh, spéartha, cnoic, coillearnacha), bailte fearainn, sráidbhailte beaga bídeacha, bailte móra gnó, go léir le braistint láidir féiniúlachta agus áite, arna léiriú le castacht na logainmneacha, an cheoil, na n-amhrán, na cuimhne tíre agus a staire áitiúla uathúla féin. I gcónaí riamh, mheall tírdhreach Mhaigh Eo fisealaíontóirí, grianghrafadóirí agus daoine eile ag lorg eispéireas spleodrach i dtír an ‘spéir mhóir’. Bhí tionchar ag a thírdhreach ar ealaíontóirí chomh héagsúil le Jack B. Yeats, Graham Greene, Heinrich Boll, John Ford agus Michael Viney chomh maith lena scríbhneoirí dúchasacha féin ar nós úrscéalaíthe ó George Birmingham go Sally Rooney agus filí ó FR Higgins go Paul Durcan.

Daoine

Tá clú agus cáil ar mhuintir Mhaigh Eo as a gcineáltas agus a bhfáilte, a dtoilteanas cabhrú lena

chéile, líonraí domhanda, braistint láidir féiniúlachta agus fréamhacha áitiúla agus ar ndóigh tacaíocht paiseanta dá laochra spóirt. Roinntear agus déantar ceiliúradh ar cheol, scéalaíocht agus amhránaíocht in iliomad áiteanna agus ar na meáin shóisialta. Téann muintir Mhaigh Eo “ar cuairt” go fóill agus roinneann siad bia, ceol, scéalta agus a gcuid ama. Tá rath ar an gcóras Meitheal sa chontae le comharsana agus pobail ag tacú lena chéile, go háirithe le linn tréimhsí dúshlánacha.

Tá traidisiún láidir béaloidis agus scéalaíochta ag Maigh Eo. Is cuid é seo de thraidisiún béil a shíneann go Cath Maighe Turaidh (*idir na Fir Bolg agus na Tuatha De Danann*) agus scéal Chlann Lir a chaith a 300 bliain deiridh in Iorras Roimh eitilt go hInis Glóire áit a ndeirtear go bhfuil siad curtha. Chuir imirce isteach de phobail nua go Maigh Eo go mór leis an tír-raon cultúrtha seo, agus thug scéalta, eispéiris, ceoil, creidimh agus scileanna nua isteach, ón mBreatain, Burma, an tSiria nó an Úcráin.

Chuaigh an creideamh i bhfeidhm go mór ar chultúr Mhaigh Eo agus tá sé fós le feiceáil go mór sa lá atá inniu ann sna sluaite a thagann go scrín Chnoc Mhuire, na hoilithrigh (agus na lúthchleasaithe!) a dhreapann go laethúil ar Chruach Phádraig agus cuairteoirí go Mainistir Bhaile an Tobair. Tá oidhreacht shailbhí ghloine dhaite ag an gcontae – tá samplaí breátha de shaothair Harry Clarke agus Wilhelmina Geedes le fáil i séipéil timpeall Mhaigh Eo. Tá an Ghaeilge lárnach i gcultúr Mhaigh Eo freisin. Go dtí deireadh an 19ú haois ba í an teanga labhartha í ag an tromlach mór agus sa lá atá inniu ann tá timpeall deich faoin gcéad de na daoine fós ina gcónaí sa Ghaeltacht.

Áit a dtarlaíonn an Chruthaitheacht

Bíonn rath ar an gcruthaitheacht i Maigh Eo: in ionaid ealaíon, leabharlanna, moil dhigiteacha, músaeim, hallaí pobail agus féilte. Bíonn sé faoi bhláth freisin in áiteanna eile: tithe altranais cúram pobail, ar Ghlasbhealaí, ar bharr Chruach Phádraig, ar oileáin, ag scoileanna surfála, i bPáirc Náisiúnta Bhaile Chruaich agus in Ionad Oiliúna Tuaithe. Mar

shampla, ghlac breis agus 40 eagraíocht agus ionad páirt in Oíche Chultúir 2022 nuair a reáchtáladh imeachtaí in ionaid ealaíon, ionaid chultúrtha, músaeim, gailearaithe, siopaí, tithe tábhairne, stiúideonna ealaíontóirí, hallaí pobail, lonaid Acmhainní Teaghlaigh, leabharlanna, caiféanna, siopaí leabhar agus tithe stairiúla. D’eagraigh craobhacha an Chomhaltais, bannaí baile, turais rothaíochta agus clubanna réalteolaíochta imeachtaí. Léiríonn an éagsúlacht agus an chastacht seo an díograis ‘ag déanamh ár gcuid féin de’ atá faoi bhláth sa chontae. Mar an gcéanna le haghaidh Sheachtain na hOidhreacht 2022 reáchtáladh breis agus 100 imeacht ó chainteanna ar logainmneacha agus ar bhéaloideas, go taispeántais luibheanna agus bláthanna i ngairdíní múrtha, agus cruinnithe meán oíche i bPáirc Dorcha Mhaigh Eo. Ar scála i bhfad níos mó mheall an fhéile *Other Voices* arna mhaoiniú ag Éire Ildánach na mílte duine chuig sráideanna Bhéal an Átha in 2019.

Déanann na trí Ghaeltacht i Maigh Eo, Iorras, Acaill agus Tuar Mhic Éadaigh an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chosaint, a chothú agus a chur chun cinn. Aithnítear Cnoc Mhuire go hidirnáisiúnta mar áit urnaí agus oilithreachta. Bronnadh Stádas mar Pháirc Idirnáisiúnta Spéir Dhorcha Óir ar Pháirc Náisiúnta Bhaile Chruaich. Is é Néiphinn Fhiáin an chéad pháirc fásaigh náisiúnta in Éirinn ina bhfuil 11,000 heicteár talún faoi úinéireacht Coillte agus na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Tá an chéad ghlasphealach in Éirinn lonnaithe i Maigh Eo freisin - Glasbhealach Mór an Iarthair, a shíneann 43.5 ciliméadar ó Chathair na Mart go Acaill, le pleananna chun síneadh a chur le Cluain Cearbán. Téann cuid eile den Ghlasbhealach ó Loch Lannach i gCaisleán an Bharraigh go dtí Ard-Mhúsaem Shaol na Tuaithe ag Turlach. Agus is áiteanna iad ar fad ina dtarlaíonn cultúr agus cruthaitheacht i Maigh Eo.

Spásanna don Chultúr

Tá infheistíocht mhór déanta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo i spásanna don chultúr: Tá:

- 14 leabharlann sa chontae,
- líonra de 20 músaeim agus ionad oidhreacht lena n-áirítear Ard-Mhúsaem Shaol na Tuaithe

ag Turlach, Mainistir Bhaile an Tobair, Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich, Músaem Michael Davitt, Muilte Olla Bhéal Easa, Daonmhúsaem Chnoc Mhuire, Bailiúchán Jackie Clarke i mBéal an Átha ina bhfuil breis agus 100,000 réad a chlúdaíonn 400 bliain de stair na hÉireann

- 10 n-ionad ealaíon (6 cinn ilchuspóireacha, 1 stiúideo/gailearaí ealaíontóirí, 2 chónaitheacht ealaíontóirí agus 1 phobalbhunaithe)

Chomh maith le bheith ina gcuid thábhachtach de thionscal na turasóireachta i Maigh Eo, is bealach iad féilte chun oidhreacht, cultúr agus cruthaitheacht a cheiliúradh. Is minic a bhíonn siad mar phointe cruinnithe bliantúil do chuairteoirí, do mhuintir na háite agus do dhiaspora mór Mhaigh Eo. Bíonn go leor imeachtaí dá leithéid i Maigh Eo, ar deiseanna iad a chultúr agus a oidhreacht uathúil a thaispeáint, agus ceiliúradh ar a muintir agus áiteanna uirbeacha agus tuaithe araon. Ina measc tá féilte ceoil agus amhrán traidisiúnta, féilte sráide, féilte scríbhneoireachta agus, rud atá an-tábhachtach i Maigh Eo, nascadh lenár ndiaspora. Is príomhimeachtaí iad tionscnaimh ar nós Seachtain na hOidhreacht, Bealtaine, Oíche Chultúir, Lá Mhaigh Eo, féile Focail an Antlantaigh Fhiáin, an féile leabhar Rolling Sun agus Féile Leabhar na Leanaí a thaispeánann gach rud atá go maith san earnáil chruthaitheach agus chultúrtha i Maigh Eo i rith na bliana. Leis an bhféile náisiúnta *Cruinniú na nÓg* a mheascann le chéile go cruthaitheach an oidhreacht, na healaíona, an comhshaol, an fholláine agus spraoi, aibhsítear na féidearthachtaí leathnaithe a chuireann an clár Éire Ildánach ar fáil.

Earnáil Chultúrtha & Chruthaitheach

Tá earnáil chultúrtha agus chruthaitheach atá ag fás agus faoi bhláth i gContae Mhaigh Eo, le breis is 600 duine ag obair sa réimse lena n-áirítear: fisealaíontóirí/ ceoltóirí/damhsóirí/ grianghrafadóirí/cleachtóirí amharclainne/aitirí/ dearthóirí grafacha/dearthóirí cluichí/déantóirí scannán/riarthóirí & coimeádaithe ealaíon/fuaim & craolachán/comhlachtaí meán digiteach. Tá an iliomad ealaíontóirí agus cruthaitheacha as gach disciplín, a chónaíonn agus a oibríonn sa chontae, rithábhachtach d’earnáil bhríomhar



Féile Leabhar na bPáistí i
Leabharlann Mhaigh Eo.
Grianghraf: Alison Laredo

chultúrtha Mhaigh Eo. Comhlánaítear iad leis an raon leathan daoine a thiomáineann eagraíochtaí cultúrtha gairmiúla, imeachtaí, féilte, grúpaí ealaíon amaitéarachacha agus grúpaí pobail a bhíonn ag plé le cultúr. Is ionann é seo agus acmhainn inmhaíthe de thallain, fios gnó, tiomantas agus taithí laistigh den chontae.

Comhpháirtíocht don Chuimsiú

Oibríonn Comhairle Contae Mhaigh Eo go héifeachtach trí chóras cuimsitheach de chaidrimh agus de chomhpháirtíochtaí seachtracha, arna thacú ag comhoibriú láidir idir-rannach ar fud na Comhairle: Cúram Leanaí, Pobal, Ealaíona, Leabharlann, Oidhreacht, Ailtirí, Spórt, Comhshaol, an Ghaeilge, Turasóireacht, Fiontraíocht & Infheistíocht, Oifigí Ceantair na Comhairle agus Ceantair Bhardasacha uile ag obair le chéile ar mhaithe le leas an phobail. Trínár mbonneagar fairsing leabharlainne, pobail, músaeim agus ealaíon, déanaimid ár ndícheall teagmháil a dhéanamh le gach ball dár bpobail. Roinnt samplaí de chomhpháirtíochtaí comhoibríocha as a dtagann sármhaitheas is ea Music Generation Mayo (lena n-áirítear cruthú Banc Uirlisí Contae), Scuid Ealaíon Mhaigh Eo, Seachtain Smainte Mhaigh Eo, Clár *Men on the Move* Mhaigh Eo, Seachtain Oidhreachta, Seachtain Eolaíochta agus Mí Fhéile Leabhar na Leanaí. Tá na comhpháirtíochtaí seo neartaithe agus feabhsaithe ag an gclár Éire Ildánach.

Rannpháirtíocht an phobail

Ní féidir an iomarca béime a chur ar thábhacht lárnach an phobail, go háirithe maidir le bainistíocht oidhreachta, cuimsiú cultúrtha agus úinéireacht agus rannpháirtíocht in imeachtaí agus féilte. Gan saoránacht dhíograiseach den sórt sin, ní fhéadfadh an tírdhreach cultúrtha a bheith ann nó a bheith rathúil. Bíonn tinreamh ollmhór ar imeachtaí cathartha: ó mharatóin go féilte ceoil, ó cheardlanna pailneoirí go téatar sráide, ó léamha leabharlainne go siúlóidí ialtóga, ó dhamhsa ar an sean-nós go himeachtaí spéire dorcha, tá grá an phobail don chultúr agus don chruthaitheacht agus an t-éileamh ar cháiliocht leanúnach.

Diaspóra

Tá naisc dhoimhne ag muintir Mhaigh Eo le muintir Mhaigh Eo ar fud an domhain. Tá an taithí ar imeacht agus ar fhilleadh fós ann sa chontae ach tá an t-achar cumarsáide laghdaithe ag na meáin shóisialta. Tá poist a mbaineann an-tionchar agus gnóthachtáil leo bainte amach ag roinnt daoine ón gcontae go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta: Mary Robinson, an tAimiréal William Browne, Michael Davitt, Sally Rooney agus Grainuaile, an Bhanríon Bhradach. Sa lá atá inniu ann tá go leor Cumainn Mhaigh Eo ar fud an domhain, a bhfuil baint láidir acu leis an 'mbaile', a bhfuil fonn orthu taithí chultúrtha a roinnt agus a mhalartú. Leagadh béim ar thábhacht diaspóra Mhaigh Eo san fhéile Abhaile go Maigh Eo ar éirigh thar barr léi a reáchtáladh in 2022, a fuair maoiniú ó Éire Ildánach.

Éire Ildánach i Maigh Eo 2018 go 2022

Sna chéad chúig bliana dá shaol, d'éirigh le clár Éire Ildánach a phríomhchuspóir maidir le rannpháirtíocht chruthaitheach a leathnú i Maigh Eo. Mhéadaigh sé rannpháirtíocht sna healaíona agus sa chultúr, tá méadú tagtha ar líon na gclár ealaíne agus oidhreachta mar thoradh air, chuidigh sé le féilte agus tionscnaimh a bhí ann cheana féin a dhaingniú agus a mhéadú agus tá dul chun cinn déanta aige maidir le feabhas a chur ar ról straitéiseach an chultúir agus na rannpháirtíochta laistigh den údarás áitiúil. Thar na tréimhse cúig bliana, thacaigh an clár le beagnach 80 tionscnamh a sholáthair leathmhiliún euro do thart ar 300 duine cruthaitheach.

I measc na dtionscnamh a bhí ann cheana féin a bhfuil méadú tagtha orthu ó thaobh méide agus scála de mar gheall ar thacaíocht Éire Ildánach tá: Lá Oidhreachta i mBéal an Átha; Westival i gCathair na Mart; Féile Leabhar Shlí an Atlantaigh Fhiáin; Lá Mhaigh Eo; Oíche Chultúir; Féile Leabhar Rolling Sun; Féile Leabhar na bPáistí i Leabharlanna Mhaigh Eo agus clár Scríbhneoir Cónaithe. Tá siad seo ar fad bunaithe go daingean anois i bhféilire cultúrtha Mhaigh Eo.

I measc na dtionscnamh nua nach dtarlódh gan Chlár Éire Ildánach tá Other Voices a thabhairt go Béal an Átha in 2019 agus 2020; an fhéile Abhaile go Maigh Eo i mBealtaine 2022; agus an tacaíocht a tugadh don ealaíontóir Niamh O'Malley bheith ina

hionadaí ar Éirinn ag Biennale Ealaíne na Veinéise.

Cruthaíodh comhpháirtíochtaí iomlána nua mar thoradh ar an golár freisin a chruthaigh tionscnaimh chruthaitheacha nua amhail clár oideas sóisialta, a forbraíodh i gcomhpháirtíocht idir Éire Ildánach agus Clár Píolótach Pobail Shláintiúla. Dhá thionscadal eile - tionscadal *An Áit a dtagann an Ealaín agus an Eolaíocht le chéile: Truailliú Plaisteach & Micreaphlaisteach* agus ceardlann fealsúnach *Ag Smaoineamh le Lámha*. Le tionscadal *Caomhnú Gabhlán* cruthaíodh comhpháirtíocht nua idir Oifig Oidhreachta Mhaigh Eo, Oifig Comhshaoil Mhaigh Eo, Swift Conservation Mayo, GMIT agus pobail agus eagraíochtaí áitiúla. Soláthraíonn *Onsight*, comhpháirtíocht idir Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo, Ard-Mhúsaem na hÉireann Saol na Tuaithe agus Scúad Ealaíon Mhaigh Eo, deiseanna do fhreagairtí cruthaitheacha ar Bhailiúchán Shaol na Tuaithe Náisiúnta.

I réimse na hoidhreachta, áirítear ar thionscnaimh nua campas bithéagsúlachta agus inbhuanaitheachta ag Páirc Mac Hale, Caisleán an Bharraigh; deilbh sailí sa tSráid; tionscadal athchóirithe léarscáile; stair bhia oileáin Mhaigh Eo; athchóiriú oibreacha iarainn stairiúla i reiligi; comhdháil mhór oidhreachta i gConga; scanadh ar ghrianghraif stairiúla agus iliomad foilseachán.

Mar thoradh ar fhéile bhliantúil *Cruinniú na nÓg* bíonn imeachtaí ar siúl i bpobail bheaga tuaithe nach dtarlódh san am a chuaigh thart. Mar thoradh ar an golár seo ghlac páistí páirt in ealaín, ceol, réalteolaíocht, códú, scileanna sorcais agus go leor ceardlann cruthaitheacha eile. Thug sé tacaíocht freisin do dhaoine cruthaitheacha aonair nó do ghrúpaí beaga de dhaoine cruthaitheacha nach mbeadh na hacmhainní acu oibriú ar shlí eile. Léirigh an tionól ollmhór *Cruinniú ag an mBeairic* in 2017 an poitéinseal atá ag an lá seo a bheith ina imeacht suaitheanta ina mbeidh líon mór ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha páirteach agus a mheallfaidh na céadta rannpháirtí.

Is réimse é scannánaíocht ar dhírigh Clár Éire Ildánach Mhaigh Eo go háirithe air. Thacaigh an clár le *Film Mayo* chun scannánaíocht a chur chun cinn agus a chothú sa chontae. Bhí cruthú cónaitheachta scannán in 2018 ina chuid thábhachtach den chlár seo. In 2021, bhí an contae ina láthair do roinnt

léiriúchán lena n-áirítear ‘My Sailor, My Love’ arna stiúradh ag Klaus Härö agus arna chomhléiriú ag Samson Films agus ‘The Banshees of Inisherin’ arna stiúradh ag Martin McDonagh agus le Brendan Gleeson, Colin Farrell agus Barry Keoghan páirteach. Taifeadadh an dá léiriúchán ar láthair in Acaill.

Bhí an tionscnamh straitéiseach freisin maidir le tallann nua a chothú trí thionscnaimh ar nós clár leanúnach d’Fhorbairt Leantach d’Ealaíontóirí ina bhfaigheann ealaíontóirí Mhaigh Eo an deis foghlaim ó shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus deiseanna freisin bualadh le comhghleacaithe ó dhisciplíní éagsúla agus comhpháirtíochtaí nua a chruthú agus, b’fhéidir, tionscnaimh chruthaitheacha nua.

Bhí cuimsitheacht agus tacaíocht don éagsúlacht ina bprionsabail thábhachtacha i gClár Éire Ildánach Mhaigh Eo. Tá fianaise air seo i dtorthaí ar nós ár dtionscadail amharcealaíona don *Óige Uilechuimsitheach*; ár golár *Ceol i dTithe Cúraim*; ár dturais atá in oiriúint do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus ár gcónaitheacht *Ealaíon agus Míchumais*. Is comhpháirtíocht é ár *dTionscadal Ealaíon Luisne* le Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo, Cúram an Iarthair agus Ionad Acmhainní Teaghlaigh Tacú a sholáthraíonn tionscadal ealaíon fadtéarmach do dhaoine faoi mhíchumas chun dul i ngleic lena gcruthaitheacht agus lena bpobal. Bhain ceann dár goláir, Crown, tionscadal ar ghruaig agus féiniúlacht an Lucht Siúil, aitheantas náisiúnta amach agus chruthaigh sé comhpháirtíochtaí ealaíne leanúnacha leis an Lucht Siúil.

Tá na Seirbhísí Leabharlann, Ealaíon agus Oidhreachta i Maigh Eo cuimsitheach agus neamh-éilíteach ina n-éiteas agus tá prionsabal an chuimsithe shóisialta mar bhonn agus mar thaca acu. Déirigh leo comhroinnt acmhainní a spreagadh idir ionaid, pobail, idir earnálacha agus trasna disciplíní. I measc na samplaí sármhaithe tá a golár iasachta Uirlisí Ceoil; a golár Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann agus a gcónaitheacht ealaíontóra ag Bailiúchán Jackie Clarke.

Déirigh go leor le Clár Éire Ildánach Mhaigh Eo mar gheall ar fhoireann a chruthú a thrasnaíonn go leor disciplíní ó na healaíona agus oidhreacht go leabharlanna agus turasóireacht go forbairt eacnamaíoch. Thar na cúig bliana tháinig roinnt



Sally Rooney i dteannta cairde ag féile Wild Atlantic Words i gCaisleán an Bharraigh. **Grianghraf:** John Mee

saincheisteanna chun cinn a chuirfear chun cinn sa straitéis reatha. Beidh gá le díriú níos mó ar chruthaitheacht mar thiománaí do na tionscail chruthaitheacha sa straitéis cúig bliana seo ach léiríonn rath Film Mayo go bhfuil Éire Ildánach Mhaigh Eo ar an mbóthar ceart. Beidh béim ollmhór ar thacú le cruthaitheacht ó na luathbhlianta sa chlár seo b’fhéidir trí níos mó oibre a dhéanamh le Scoileanna Ildánacha chun iarracht a dhéanamh smaointeoireacht chruthaitheach a chur i gcoilár a ndéanann leanaí . Beidh níos mó béime freisin ar thionscadail ‘áitiúla’, arna gcoinneadh ag daoine áitiúla agus in áiteanna áitiúla. Agus ar deireadh, agus níos tábhachtaí fós, beidh sé mar aidhm tacú le tionscadail a chuireann le hoidhreacht chultúrtha Chontae Mhaigh Eo.

Ag féachaint romhainn

Tá ár dtodhchaí cruthaitheach rithábhachtach d’fhorbairt Mhaigh Eo. Chuir na deiseanna a cruthaíodh trí Éire Ildánach ar ár gcumas é seo a leathnú tuilleadh. Táimid in ann comhoibriú

táirgiúil leanúnach a dhéanamh idir ár seirbhísí comhairle, an earnáil chruthaitheach, pobail, eagraíochtaí comhpháirtíochta agus an pobal i gcoitinne. Fáiltimid roimh na dúshláin bhunúsacha sna 5 bliana amach romhainn agus táimid ag tnúth le leas a bhaint as an gcuid is fearr atá le tairiscint ag ár gcontae . Creideann Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Mhaigh Eo, agus iad ag obair go straitéiseach leis an earnáil chruthaitheach, go mbeidh an straitéis seo ina cuid rithábhachtach chun tír chruthaitheach bhríomhar a chruthú. Creidimid go leanfaidh Éire Ildánach ag cur acmhainní breise ar fáil chun aitheantas agus ceiliúradh a dhéanamh ar ár n-earnáil chruthaitheach bhríomhar i Maigh Eo. Leanfaimid ag tairiscint tacaíochtaí le haghaidh spreagtha, samhlaíochta agus cruthaitheachta. Leanfaimid ag cur chun cinn rannpháirtíochta leo seo chun leasa ealaíontóirí, pobail áitiúla agus an phobail i gcoitinne. Táimid ag tnúth lenár bhfís a sheachadadh do shochaí atá fíorchruthaitheach agus cuimsitheach ag obair taobh leis an golár Éire Ildánach.

3

Aisling Maigh Eo maidir le hÉire Ildánach

Is í an fhís atá ag Éire Ildánach ná go mbeidh an deis ag gach duine a chónaíonn in Éirinn ac(h) umas cruthaitheach a bhaint amach go hiomlán. Saothraítear an fhís trí Chúig Philéir Chlár Éire Ildánach:

1. Bonn a Chur le Cumas na Cruthaitheachta i nGach Leanbh
2. Bonn a Chur leis an gCruthaitheacht i ngach Pobal
3. Infheistiú i mBonneagar na Cruthaitheachta agus an Chultúir
4. Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán Closamhairc
5. Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

Tá an rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís. Meastar freisin go bhfuil sé rithábhachtach ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a nascadh le pobail chun an fhís a fhíorú’.

Aithníonn Comhairle Contae Mhaigh Eo gur réimse ilghnéitheach é an cultúr atá ag forbairt go leanúnach agus ag teacht le chéile ar bhealach casta. Is mór ag Comhairle Contae Mhaigh Eo cruthaitheacht agus táirgeadh ealaíonta agus cultúrtha agus cuireann sí chun cinn iad mar a dhéanann sí oidhreacht chultúrtha. Aithnímid gur cuid thábhachtach den inbhuanaitheacht shóisialta agus eacnamaíoch í beogacht chultúrtha, ach níos tábhachtaí fós, go dtiomáineann sí nuálaíocht freisin. Tuigimid go gcabhraíonn taithí an chultúir, ina ghnéithe iomadúla, le cáilíocht bheatha ár saoránach a fheabhsú agus go gcuireann sé le folláine daoine aonair agus pobail. Tá luachanna Éire Ildánach ag cur le fíis na comhairle maidir le

“Contae atá Inbhuanaithe, Uilechuimsitheach, Rathúil agus Bródúil”.

Leanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo le cultúr, oidhreacht agus cruthaitheacht a shuíomh go lárnach laistigh dá polasaithe corparáideacha, ag aithint an ról atá acu i ngach gné de shaol an chontae: ó phobal go turasóireacht, ón ngeilleagar go dtí oideachas, agus ó cháilíocht na beatha go rannpháirtíocht phoiblí. Tá siad rithábhachtach d’fhorbairt an duine agus tá siad rithábhachtach i gcaidreamh Mhaigh Eo le hÉirinn agus leis an domhan. Is iad a nascann sinn lenár ndiaspóra agus beidh sé mar aidhm againn leanúint ar aghaidh ag obair le muintir Mhaigh Eo ar fud an domhain faoin straitéis seo. Forbraíonn siad pobal, cumhachtaíonn siad daoine agus cabhraíonn siad le forbairt an gheilleagair trí athrú a chumasú trí shamhlaíocht agus cruthaitheacht. Táimid ag tnúth le doirse a oscailt dár n-ealaíontóirí, staraithe, filí, ceoltóirí, ailtirí, dearthóirí, eolaithe, scoláirí, leanaí agus ár bpobail ar fad ionas go mbeidh saibhreas ár n-oidhreacht agus ár gcultúr, ina ilghnéitheacht ar fad, ina údar láidir meabhrúchán ar ár n-am atá caite, bunriachtanach don lá atá inniu ann agus comhartha chuig ár dtodhchaí.

Méadóidh Comhairle Contae Mhaigh Eo infheistíocht sa chultúr agus sa chruthaitheacht thar chúig bliana na straitéise seo, agus tacóidh agus cothóidh sí deiseanna do gach duine páirt a ghlacadh i saol cultúrtha an chontae. Leagann an plan seo amach turas cúig bliana a leagfaidh béim ar rannpháirtíocht, cumasú acmhainneacht chruthaitheach, infheistiú inár mbonneagar cruthaitheach agus sna tionscail chruthaitheacha. Is príomhthosaíochtaí na comhairle iad cáilíocht na beatha agus taithí chultúrtha ag leibhéal áitiúil mar a aibhsítear inár bplan corparáideach a bhfuil mar ráiteas misin aige:

“leas agus cáilíocht beatha ár saoránach agus ár bpobail i Maigh Eo a chur chun cinn agus cur le tarraingteacht an Chontae mar áit chun cónaí ann, oibriú ann, cuairt a thabhairt air, infheistíocht a dhéanamh ann agus taitneamh a bhaint as”.



Glasbhealach Mór an Iarthair, Co. Mhaigh Eo - Rannóg Turasóireachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Agus an plan seo á chur i bhfeidhm, tá meas ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ar chumas na cruthaitheachta, an chultúir agus na hoidhreacht tionchar dearfach a bheith acu ar leas pearsanta agus comhoiteann, lena n-áirítear meabhairshláinte. Aithnímid freisin a thábhachtaí atá an cultúr agus an chruthaitheacht chun ár gclár oibre eile a chur chun cinn ar nós déileáil le hathrú aeráide. Agus muid ag obair le grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla, déanfaimid ár ndícheall cultúr a dhéanamh chomh inrochtana agus is féidir do dhaoine de gach aois, cumas agus míchumas. Mar shampla, tá sé mar aidhm ag ár seirbhís leabharlainne pobail a chumhachtú trí rochtain a sholáthar ar acmhainní a chuireann oideachas ar shaol na saoránach, a thugann eolas dóibh agus a shaibhríonn iad, trí litríocht agus grá don léitheoireacht a chur chun cinn agus a thacú. Aibhsíonn an fócas ar léitheoireacht agus litearthacht sa straitéis seo an bhéim a leagaimid ar acmhainn chruthaitheach gach linbh

a chumasú. Léirítear ár dtiomantas don bhonneagar cruthaitheach agus cultúrtha inár dtiomantas chun Dún Míleata Chaisleán an Bharraigh a athrú go mol cruthaitheach ildisciplíneach. Soláthróidh sé seo spás do theaghlaigh agus do chruthú pobail, do thionscail chruthaitheacha, don oideachas cruthaitheach agus cothóidh sé rannpháirtíocht i ngach cineál léiriúcháin chruthaithigh, suite i sócmhainn oidhreacht iontach, díreach i goroílár Chaisleán an Bharraigh.

Leanfaidh Pobail Ildánacha ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

- **Beartas** – Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;
- **Cleachtadh** – Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh Pobail Ildánacha de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.
- **Rannpháirtíocht** – Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus
- **Comhpháirtíocht** – Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Maigh Eo agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshlán agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

- i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).
- ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.
- iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúir agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.
- iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn clár oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil - idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise clár spriocdhírithe i gcomhar a chothú.

Tá glactha go hiomlán ag Comhairle Contae Mhaigh Eo le haidhmeanna agus uailmhianta Chlár Éire Ildánach. Is iad na luachanna atá aige - Comhoibriú, Cumarsáid, Pobal, Rannpháirtíocht, Cuimsiú agus Cumhachtú - ár luachanna freisin. Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tiomanta do cheannaireacht, forbairt agus oibriú i gcomhpháirtíocht chun deiseanna a chruthú agus tacú le gach saoránach chun dul i ngleic le heispéiris chultúir uilechuimsitheacha agus éagsúla. Oibrímid ar phrionsabal na comhpháirtíochta agus an fhíorchuimsithe, go himheánach agus go



Ionad Cuairteoirí Pháiro Náisiúnta Néifinne Fiáine, Baile Chruaich, Co. Mhaigh Eo - Rannóg Turasóireachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo

seachtrach. Is sampla maith é Music Generation Mhaigh Eo den chaoi a n-oibríonn sé seo go praiticiúil. Trí chomhpháirtíocht le Bord Oideachais & Oiliúna Mhaigh Eo Shligigh Liatroma, Ionad Oideachais Mhaigh Eo, Fóram Pobail Chontae Mhaigh Eo, LEADER, Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo agus Seirbhís Leabharlainne Mhaigh Eo, tá banc uirlisí úrnua ar fud an chontae curtha ar fáil le húsáid ag gach leanbh, is Cuma cén áit a bhfuil cónaí orthu – an chéad cheann dá leithéid in Éirinn.

Is plean uile-údaráis é an straitéis seo a bhfuil sé mar aidhm aige gníomhartha a aithint agus a chur i bhfeidhm a thacóidh agus a chuirfidh cun cinn gníomhaíocht chruthaitheach agus chultúrtha ar fud an chontae. Tá sé bunaithe ar chomhairliúcháin pobail a rinne an Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta agus Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhpháirt agus trí chomhoibriú ar fud ranna na comhairle. Cuimsíonn an fhoireann baill foirne a oibríonn thar roinnt réimsí lena n-áirítear na healaíona, leabharlanna, oidhreacht, músaeim, cartlanna, seandálaíocht, cuimsiú pobail agus

sóisialta, ailtireacht, turasóireacht, an Ghaeilge agus fiontraíocht áitiúil. Samhlaítear go gcuirfear gníomhaíocht aeráide leis seo faoin straitéis nua. Le cur i bhfeidhm na straitéise seo, oibreoidh an Chomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara ar fad chun soláthar cultúrtha a chothú agus a fhás laistigh den chontae ar mhaithe le cách. Díríodh an straitéis ar dheiseanna a leathnú agus a dhoimhniú do gach duine chun dul i ngleic le cultúr agus cruthaitheacht chun folláine aonair agus chomhchoiteann a fheabhsú ar fud Mhaigh Eo. Le chéile forbróimid clár chuimsitheacha a thugann deiseanna do dhaoine de gach aois agus cúlra a gcruthaitheacht a fhorbairt agus a bhfolláine a fheabhsú trí bheith páirteach i gcultúr agus sna healaíona sa chiall is leithne.

Ag tógáil ar rath ár bPlean Gníomhaíochta Éire Ildánach 2017 tá sé mar aidhm againn contae cruthaitheach bríomhar a mhúnlú a bheidh tarraingteach, cuimsitheach agus inrochtana do chách.

5 Na Bearta Tús Áite ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo

Is é fócas na straitéise seo ná leanúint ar aghaidh le cruthaitheacht a phríomhshruthú inár bpobail. Faoi dheireadh na tréimhse cúig bliana, samhlaítear dúinn go mbeidh deis ag gach duine atá ina gcónaí i Maigh Eo iad féin a chur in iúl de réir a gcuid riachtanas agus a gcumas.

Is é an aidhm a bheidh ann rannpháirtíocht shaoránaigh Mhaigh Eo le cultúr a leathnú, rud a chothóidh cruthaitheacht agus samhlaíocht a cothaíodh sa straitéis roimhe seo. Comhcheanglaíonn tosaíochtaí na straitéise leis na cuspóirí agus na gníomhartha atá curtha in iúl sa Phlean Forbartha Contae, sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail agus sna pleananna aonair do na hEalaíona, Leabharlanna, Turasóireacht, Oidhreacht agus an Ghaeilge.

Beidh an bhéim againn ar chultúr a chur i gcoilár shaol ár saoránach, cothú na cruthaitheachta agus ár n-oidhreacht agus traidisiúin chultúrtha a cheiliúradh. Bí dána agus bí difriúil a bheidh mar mhana againn. Tá sé chuspóir straitéiseacha aitheanta againn chun ár n-aidhmeanna a bhaint amach:

Tosaíocht Straitéiseach 1: An Chruthaitheacht a Chumasú i ngach Pobal

Príomhaidhm na straitéise seo is ea acmhainneacht a chumasú agus a thógáil agus tacú leis an rannpháirtíocht i dtionscnaimh chruthaitheacha. Beidh forbairt córais straitéiseacha chun feabhas a chur ar na hearnálacha ealaíon, oidhreacht agus cruthaitheacha laistigh den chontae agus níos faide i gcéin mar chuid mhór d'obair Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta Mhaigh Eo thar thréimhse na straitéise seo. Le rath agus inbhuanaitheacht a bheith ann, tá sé rithábachtach go mbeidh an pobal ar an eolas faoi imeachtaí, féilte, tionscnaimh, tionscadail agus cláir agus go mbíonn siad páirteach iontu. Tá sé mar aidhm ag an straitéis go ndéanfaí an sár-obair a tharla sa chéad straitéis 5 bliana a leathnú go forleathan ionas gur féidir Maigh Eo a aithint mar mhol cruthaitheach san iarthar.

Trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha agus cláir leanúnacha le haghaidh áiseanna cultúir agus oidhreacht, féachfaidh Éire Ildánach Mhaigh Eo le 'na poncanna a cheangal' agus luach a chur leis.

Cuspóirí Straitéiseacha:

1. Tionscadail chomhtháite uailmhianacha ar mhórsála a forbairt a thaispeánann cleachtas ceannródaíoch sa chultúr agus san oidhreacht.
2. Deiseanna a mhéadú d'ealaíontóirí agus do dhaoine cruthaitheacha atá ag obair i dteicneolaíochtaí nua chun oibriú i Maigh Eo.
3. Infheistíocht a dhéanamh i leabharlanna, ionaid ealaíon, ionaid oidhreacht, ionaid acmhainní teaghlaigh agus ionaid phobail agus iad a chur chun cinn mar phríomh-mhoil chultúrtha agus chruthaitheachta.
4. Cruthaitheacht agus cultúr a chur chun cinn mar mhodh chun bailte a athbheochan agus chun an geilleagar tuaithe a spreagadh. Ba cheart ról na Gaeilge a chur san áireamh leis seo freisin.
5. Malartuithe rithábachtacha idirdhisciplíneacha a éascú trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht, ag uasmhéadú deiseanna d'ealaíontóirí agus do dhéantóirí ar fud na ndisciplíní uile.
6. Deiseanna a sholáthar do chláir chónaitheachta, atá curtha in oiriúint do spéis áitiúil (san oidhreacht/déanamh scannán/scríbhneoireacht chruthaitheach/ceol/amharcealaín/drámaíocht/damhsa/ealaíona traidisiúnta/códú/róbait/ceardaíocht srl), ag cinntiú go bhfuil deiseanna leathana ann le bheith rannpháirteach agus le cur i láthair.
7. A chinntiú go léiríonn gach tionscadal agus tionscnamh a fhaigheann tacaíocht ó Éire Ildánach éagsúlacht ár bpobail.

- Bailiúchán Jackie Clarke a chur chun cinn mar “Chuimhne na hÉireann” agus é a forbairt mar an bailiúchán is tábhachtaí d'ábhar staire na hÉireann lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, rud a fhágann gur maighnéad é do thaighdeoirí agus turasóirí i gceantar Mhaigh Eo Thuaidh.
- Tacú le forbairt Ionad Mary Robinson i mBéal an Átha mar phríomhionad turasóireachta agus taighde.

Tosaíocht Straitéiseach 2: Bonn a Chur le Cumas na Cruthaitheach i ngach leanbh i Maigh Eo

Is éard atá i gceist le cruthaitheacht ná próiseas ina bhfuil bunsmainte, réiteach fadhbanna, bealaí nua le rudaí a dhéanamh a fhiosrú, réimsí neamhaithnidiúla a fhiosrú agus smaointeoireacht lasmuigh den bhosca. Spreagann agus cabhraíonn gníomhaíochtaí cruthaitheacha neamhiata le páistí na hinniúlachtaí seo a chothú thar gach réimse, nach mór, ag cothú féinmheasa, muiníne agus nuálaíochta.

Tá roinnt tionscnamh den scoth sa chontae cheana féin a spreagann cruthaitheacht sna luathbhlianta: *Féile Ealaíon Roola Boola do Leanaí* ag Ionaid Ealaíon Halla an Linéadaigh; *Féile Leabhar* na Leanaí bliantúil ar feadh míosa i Leabharlann Mhaigh Eo; *Féile na Cruthaitheachta Cruinniú* i mí an Mheithimh; *Clár Ceoil Luathbhlianta Sound Worlds* (comhpháirtíocht idir Coiste Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo agus Music Generation); clár léitheoireachta *Summer Stars* de chuid na leabharlainne agus *A Splash of Blue*, clár Taispeántais Scoile arna choimeád ag Oifig Ealaíon Mhaigh Eo.

Féachfaidh Éire Ildánach Mhaigh Eo le raon na hoibre seo a thacú agus a leathnú.

Cuspóirí Straitéiseacha:

1. An leibhéal rochtana agus rannpháirtíochta le cultúr agus cruthaitheacht do leanaí óga a mhéadú trí líonraí, eagraíochtaí agus bonneagar atá ann cheana féin: scoileanna, scoileanna súgartha, leabharlanna, grúpaí máithreacha & lapadáin, cumainn tuismitheoirí srl.
2. Cinntiú, trí chomhpháirtíocht agus tacaíochtaí

straitéiseacha, go bhfuil éagsúlacht deiseanna cruthaitheacha ar fáil le linn na luathbhlianta.

3. Pobail áitiúla a thabhairt isteach chun raon agus tionchar gach tionscnamh a leathnú.
4. An oiread leanaí luathbhlianta agus is féidir a chur ar an eolas faoi áthas na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.
5. Feabhsóidh Leabharlann Mhaigh Eo a fócas ar chruthaitheacht na luathbhlianta le linn thréimhse na straitéise trí chláir ar nós tionscnamh léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh, uaireanta scéalta, cuairteanna údair, soláthar málaí leabhar srl.

Tosaíocht Straitéiseach 3: Rannpháirtíocht chruthaitheach do dhéagóirí agus do dhaoine óga

Is tréimhse í blianta na ndéagóirí ina dtarlaíonn forbartha pearsanta agus athraithe ollmhóra. Is mór an buntáiste do dhéagóirí a bheith páirteach i ngníomhaíocht chruthaitheach, ó na taibh-ealaíona (déanamh scannán, damhsa, ceol, drámaíocht) go gníomhaíochtaí níos aonarach (scríbhneoireacht chruthaitheach, amharcealaíona, meáin nua). Ceann de na gnéithe is tábhachtaí de ghníomhaíocht chruthaitheach ná gur féidir leis cabhrú le braistint féiniúlachta pearsanta a forbairt: do ghuth féin, do chuid smaointe agus mothúcháin féin a chur in iúl.

Tá an ghníomhaíocht chruthaitheach, lasmuigh den oideachas príomhshrutha, thar a bheith tábhachtach do dhéagóirí. Tá sé ar cheann de na bealaí inar féidir leo spéiseanna, eispéiris agus féinléiriú nua a forbairt i dtimpeallacht shábháilte. Tugann an taighde liosta de na rudaí dearfacha a bhaineann le bheith páirteach i goláir ealaíon don aos óg mar seo a leanas: spéiseanna agus eispéiris nua a forbairt, braistint cuspóra, bualadh le daoine nua, an domhan a fheiceáil ar bhealach difriúil, cumasú, braistint gnóthachtála, muintearas, foghlaim conas oibriú i ngrúpa agus ag foghlaim scileanna nua ar nós aisteoireacht, seinm ceoil, damhsa, déanamh scannán, scríobh srl.

Téann go leor de na daoine a ghlacann páirt i goláir ealaíon don aos óg ar aghaidh ag obair go gairmiúil sna healaíona cruthaitheacha agus

sna tionscail chruthaitheacha, mar stiúrthóirí, scríbhneoirí, córagrafaithe, foireann theicniúil, riarthóirí, iriseoirí, ceoltóirí srl.

Tá roinnt tionscnamh sa chontae cheana féin a spreagann cruthaitheacht sa déimeagrafach seo:

- Is comhpháirtíocht é **Amharclann Óige Mhaigh Eo** idir Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo agus grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla.
- Is é **EXCEL** clár Ealaíon Óige Chomhairle Contae Mhaigh Eo a thugann deis do dhaoine óga a gcuid cruthaitheachta a fhiosrú, scileanna a fháil i bhfoirmeacha éagsúla ealaíne agus bualadh le healaíontóirí atá ag cleachtadh.
- Is é **The Core** spás cumadóireachta ceoil chomhaimseartha do dhaoine óga idir 12-18 mbliana d'aois, atá lonnaithe in Ionad Ealaíon Bhéal an Átha i mBéal an Átha, áit ar féidir le daoine óga iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíocht an cheoil agus scríbhneoireacht amhrán chomh maith le hionad léirithe beo a sholáthar dá gceol.
- Is “ceolfhoireann” mhór cruite é **Ensemble Cruite Music Generation Mayo** a thagann le chéile gach coicís le haghaidh cleachtaí tráthnóna Dé Sathairn faoi stiúir beirt chláirseoirí gairmiúla, áit a bhfoghlaimítear ceol de chluas, mar sin níl gá le léamh an cheoil.
- Cuireann **Ceolfhoireann Óige Mhaigh Eo** deiseanna rialta teagaisc agus léirithe ar fáil do cheoltóirí óga timpeall Mhaigh Eo.

Trí rannpháirtíocht straitéiseach le heagraíochtaí óige (Comhairle na nÓg, Foróige, clubanna Gan Ainm, Comhpháirtíocht Óige Ildánach, Oifigigh Óige in eagraíochtaí ábhartha), bonneagar agus eagraíochtaí ealaíon atá ann cheana féin (Music Generation Mayo, Mayo Youth Theatre, EXCEL Youth Arts Programme, Cóir Óige, Focail Troda ag Leabharlann Mhaigh Eo) tá sé mar aidhm ag Éire Ildánach Mhaigh Eo luach a chur leis agus deiseanna eisceachtúla a sholáthar do dhaoine óga chun a nguthanna cruthaitheacha aonair agus uathúla a iniúchadh agus a fhorbairt.

Cuspóirí Straitéiseacha:

1. Rochtain níos fearr a spreagadh trí acmhainní agus saineolais a bhraisliú agus a roinnt.
2. Rochtain ar rannpháirtíocht chruthaitheach de gach cineál a leathnú ag an leibhéal pobail agus áitiúil trí Leabharlanna, Ealaíona, Oidhreacht agus ionaid Pobail.
3. Straitéis margaíochta agus cumarsáide a fhorbairt go sonrach chun dul i dteagmháil le daoine óga.
4. Tacú le cláir bhliantúla ábhartha mar Chlár Ealaíon Óige EXCEL, Amharclann Óige Mhaigh Eo, Cóir Óige agus clár Focail Troda Leabharlann Mhaigh Eo a sholáthraíonn saindeiseanna rannpháirtíochta cruthaitheacha do dhaoine óga.

Tosaíocht Straitéiseach 4 : Daonlathú cultúir a chur chun cinn trí eagraíochtaí oidhreachta, ealaíon agus cultúir ag obair le pobail

Diríonn an tosaíocht seo go sonrach ar chruthaitheacht pobail. Is é an aidhm atá ann ná rannpháirtíocht a chur chun cinn, agus déanfar é seo trí bhéim a chur ar dheiseanna a chruthú chun cruthaitheacht atá treoraithe ag an bpobal a thaispeáint, a cheiliúradh agus taithí a fháil uirthi. Áirítear leis seo grúpaí ceardaíochta, drámaíocht amaitéarach, cóir pobail, grúpaí oidhreachta áitiúla, grúpaí péintéireachta srl.

Cuspóirí Straitéiseacha:

1. Spreagadh a thabhairt do sholáthar spáis agus deiseanna do na healaíona áitiúla agus grúpaí oidhreachta chun a gcuid oibre a thaispeáint trí ionaid phobail, leabharlanna áitiúla, ionaid chultúir agus féilte.
2. Comhroinnt eolais agus scileanna a spreagadh idir grúpaí áitiúla ealaíon, ceardaíochta agus oidhreachta agus idir na glúnta.
3. Beir leat go Maigh Eo. Cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus do shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i ngach réimse cruthaitheachta teacht chuig an goontae.



Athléiriú ar Rásaí Chaisleán an Bharraigh 1798 - Rannóg Turasóireachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo

4. Tionscnamh píolótach a dhéanamh ar ‘Laethanta Éire Ildánach’, áit a bhfaigheann grúpaí áitiúla agus deonacha deis imeachtaí (poiblí) a chur ar bun in ionaid ealaíon, leabharlanna, músaeim agus foirgnimh phobail.
5. Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go ndéantar soláthar do phríomh-spríocgrúpaí laistigh de Mhaigh Eo, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, grúpaí idirchultúrtha agus grúpaí imeallaithe.
6. Chomh fada agus is féidir, pobail agus an earnáil dheonach a bheith páirteach i dtionscnaimh forbartha ar leith.
7. Teagmháil a dhéanamh le diaspóra Mhaigh Eo ar fud an domhain ar bhealaí nuálacha trínár n-acmhainní cultúrtha agus oidhreacht – mar shampla oibreoidh ár leabharlanna agus ár n-ionaid staire teaghlaigh le chéile chun ár n-acmhainní ginealais a úsáid chun turasóireacht a mhealladh. Déanfar go leor de stór stair Mhaigh Eo atá i bhfolach i leabharlanna an chontae (nuachtáin, grianghraif, léarscáileanna, dialanna srl) a dhigitiú chun déantúsáin chultúrtha uathúla a chruthú.
8. Lá Mhaigh Eo a fhorbairt mar phríomhfhéile do chuairoteoirí ar an gcontae.
9. Rannpháirtíocht ghníomhach i Seachtain na hOidhreacht, Oíche Chultúir agus clár náisiúnta eile a chur chun cinn le fócas ar leith ar “an lucht nuathugtha” agus lucht féachana neamhthraidisiúnta.
10. Cur chuige cruthaitheach a chur chun cinn maidir le caomhnú agus dul i ngleic le hoidhreacht chultúrtha agus nádúrtha chun cabhrú le caomhnú.

Tosaíocht Straitéiseach 5: Luach a chur ar ealaíontóirí, ceardaithe agus daoine cruthaitheacha eile agus tacú leo

Tá na healaíontóirí, na ceardaithe, na dearthóirí agus na déantóirí a chónaíonn agus a oibríonn i Maigh Eo rithábhachtach d’earnáil na cruthaitheachta sa chontae. Meastar go coimeádach go bhfuil os

cionn 600 duine ann, agus cuireann siad taca faoin ngeilleagar cruthaitheach laistigh den chontae. Chomh maith lena gcleachtas féin, oibríonn go leor i scoileanna, i suíomhanna cúraim, i leabharlanna agus le pobail éagsúla, ag roinnt a gcuid scileanna agus saineolais. Soláthraíonn siad taispeántais áille, aithrisí iontacha, smaointe bunathraithe agus tógálacha, a chuireann dath, samhlaíocht agus beogacht le saol an chontae.

Cuspóirí Straitéiseacha:

1. Toisc gur contae mór é Maigh Eo le daonra scaipthe, is minic a bhíonn sé deacair ag daoine cruthaitheacha bualadh le daoine eile dá bpobal féin. Trí bhonneagar reatha agus nua, deiseanna a sholáthar do dhaoine cruthaitheacha bualadh le chéile, líonrú agus roinnt scileanna.
2. I gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí gairmiúla agus le príomhghníomhaireachtaí, spásanna a chur ar fáil chun obair shármhaith a dhéanamh ar an earnáil chruthaitheach níos leithne i Maigh Eo, laistigh den chontae agus go náisiúnta.
3. Luach ár n-ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha a chur in iúl trí iad a nascadh le pobail agus trí dheiseanna oibre a thairiscint dóibh trí Chlár Éire Ildánach.
4. Bunachar sonraí a fhorbairt d’ealaíontóirí, ceardaithe agus daoine cruthaitheacha as gach disciplín i Maigh Eo, chun an líon mór ealaíontóirí gairmiúla sa chontae a chur chun cinn agus ardán a sholáthar dóibh chun a gcuid faisnéise / punanna a roinnt srl.
5. Deiseanna forbartha acmhainneachta a sholáthar do chleachtóirí cruthaitheacha, le fócas ar fhorbairt tionscadail idirdhisciplíneach agus chomhoibríoch.

Tosaíocht Straitéiseach 6: An tionscal cruthaitheach a fhorbairt i Maigh Eo trí rannpháirtíocht agus nuálaíocht a spreagadh

I gcontae ina bhfuil daonra ealaíne faoi bhláth, ina bhfuil meas agus ceiliúradh ar an oidhreacht, tá deiseanna ollmhóra ann chun an earnáil chruthaitheach a fhorbairt. Mar thoradh ar chruthú

spásanna do chomhoibriú idirdhisciplíneach idir ealaíontóirí, earnálacha na turasóireachta agus na hoidhreacht agus an tionscal níos leithne, cuirfear feabhas ar Thionscail Chruthaitheacha agus Chultúrtha (TCCanna) agus neartóidh sé turasóireacht chultúrtha sa chontae. I Maigh Eo, tá tionscnaimh ann cheana féin a chuireann an chruthaitheacht i gcorlár fhorbairt scileanna seiftiúla agus fiontraíochta chun daoine óga a chumasú chun déileáil go solúbtha le dúshláin eacnamaíocha amach anseo. Beidh sé mar aidhm ag an tosaíocht straitéiseach seo na scileanna seo a uasmhéadú i Maigh Eo.

Cuspóirí Straitéiseacha:

1. Cur le féiniúlacht Mhaigh Eo mar chontae cruthaitheach trí spásanna a fhorbairt do dhaoine óga chun a gcuid cruthaitheachta a fhiosrú ar bhealaí taitneamhacha agus mealltacha.
2. Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht moil chruthaitheacha ildisciplíneacha a chruthú ag an mBeairic Mhíleata i gCaisleán an Bharraigh agus i mBéal an Átha.
3. An nuálaíocht, smaointe nua agus ceiliúradh na cruthaitheachta aonair agus comhchoiteann a chur chun cinn trí imeachtaí atá ann cheana féin ar nós Seachtain na hEolaíochta agus Seachtain Smaointe Mhaigh Eo.
4. Ról na cruthaitheachta i bhforbairt eacnamaíoch áitiúil a fhiosrú agus a chur chun cinn, oibé acu leabharlanna agus siopaí leabhar a sholáthar i lár na mbailte nó moil dhigiteacha a chruthú i bhfoirgnimh nach bhfuil in úsáid.
5. Deiseanna a sholáthar do dhaoine óga chun dul i ngleic le giniúint smaointe, smaointeoireacht chruthaitheach agus réiteach fadhbanna trí cheardlanna cruthaitheacha agus trí dhúshláin chruthaitheacha.
6. Oibriú le contaetha sa réigiún (& Coimisiún Forbartha an Iarthair) chun infheistíocht sa chruthaitheacht a uasmhéadú.
7. Tacú le hearnáil na scannán trí obair le Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo, ag féachaint le

huasmhéadú a dhéanamh ar úsáid an Chiste Léiritheoirí Closamhairó Réigiún an Iarthair (WRAP). Tacaíocht a thabhairt d’abhcóideacht d’Oifigeach Scannán lánaimseartha chun acmhainneacht na hearnála seo i gContae Mhaigh Eo a uasmhéadú.

8. Naisc a fhorbairt idir daoine cruthaitheacha agus gnólachtaí áitiúla ábhartha – d’fhéadfadh go n-áireofaí leis seo urraíocht, soláthar cóiríochta agus ar deireadh thiar táirgí nuálacha áitiúla a fhorbairt.
9. Úsáid scileanna traidisiúnta i gcaomhnú foirgneamh agus struchtúr stairiúil a chur chun cinn agus sárchleachtas a thaispeáint.

Tosaíocht Straitéiseach 7. An clár oibre glas agus gníomhaíocht ar athrú aeráide a chur chun cinn

- Iniúchadh agus cur chun cinn a dhéanamh ar an bpoitéinseal agus ar an ról lárnach is féidir le cruthaitheacht a imirt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a chuireann gníomhaíocht ar son na haeráide i láthair.
- Oibriú le comhpháirtithe ábhartha chun tionscnaimh a fhorbairt agus a sheachadadh a dhruideann an bhearna idir feasacht agus gníomh ó thaobh aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil aeráide.
- Tacú le healaíontóirí agus le pobail ar fud Mhaigh Eo chun comhoibriú ar thionscadail a léiríonn conas is féidir le Maigh Eo leas a bhaint as todhchaí ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide de.
- Tacaíocht a thabhairt do dheiseanna do thionscadail agus do chlár chomhoibríocha le Páirc Náisiúnta Néiphinn Fhiáin i mBaile Chruaich.

6

Cur chun feidhme Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta Mhaigh Eo

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta i bhfeidhm ag Maigh Eo chun feidhmiú na Straitéise seo a threorú agus a mhaoirsiú.

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag Mhaigh Eo chun cur i bhfeidhm na Straitéise seo a threorú agus maoirseacht a dhéanamh air. Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, aomhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:

- Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;
- Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;
- Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an

goruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil;

- Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.
- Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus
- A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh - tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

Tá seachadadh na Straitéise á stiúradh ag an Stiúrtóir Seirbhísí agus ag baill na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta do Mhaigh Eo

Is é an Leabharlannaí Contae Comhordaitheoir Éire Ildánach, An tOifigeach Ealaíon, An Ceann Cumarsáide, An tOifigeach Oidhreacht, An tOifigeach Turasóireacht, Bainisteoir Mhúsaem Jackie Clarke.

Léarscáil Mhaigh Eo



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

-
-  CreativeIrl
 -  creativeirl
 -  creativeireland

creativeireland.gov.ie

ÉIRE ILDÁNACH

Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna
agus pobal tríd an gcruthaitheacht.